Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

Comhairle Contae Mhuineacháin

# Plean Bainistíochta Bruscair

2026-2029



# Clár Ábhar


**Réamhrá** 2

1.1 Contae Mhuineacháin – Forléargas 2

1.2 Cúlra atá leis an bPlean Bruscair 2

1.3 Próiseas Comhairliúcháin 2

**Oibleagáid Reachtúil** 4

2.1 Céard is Bruscar ann? 4

2.2 Tá tú ag briseadh an dlí nuair 6

2.3 Cé atá freagrach as an mbruscar a chosc 7

**Forléargas ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2021-2024**
**Cláir um chosc agus rialú bruscair atá ann cheana** 12

3.1 Maoir Bhruscair Thiomnaithe 12

3.2 Cláir/Tionscnaimh 12

3.2.1 Clár na Scoileanna Glasa 12

3.2.2 An Clár Pacaí Piocairí 13

3.2.3 Salú ag Madraí agus Tionscnamh na Siúlóirí Glasa Madraí 13

3.2.4 Toitíní agus Vápáil 13

3.3 Clár Droim ar Ais a Bhunú 14

3.4 Glanadh Sráideanna i gCeantair Bhardasacha 14

3.5 Boscaí Bruscair i mBailte agus Sráidbhailte na gCeantar Bardasach 14

3.6 Acmhainní Airgeadais do Phobail 14

3.7 An Scéim Éarlaise agus Aisíoca (DRS) 14

3.8 Bruscar Scaipthe ar Bhóithre Gnóthacha 16

3.9 Dumpáil Mhídhleathach 16

3.10 Feachtais Bhruscair ar fud an Chontae 17

3.11 Glantachán Náisiúnta Earraigh 18

3.12 Tionscnaimh Frithdhumpála 18

3.13 An Tionscnamh "D'Fhéile a Dhéanamh Glas" 18

**Dul Chun Cinn 2021 - 2025 a Thomhas** 20

4.1 Córas Faireacháin Náisiúnta ar Thruailliú ó Bhruscar (NLPMS) 20

4.2 Fóram na mBailte Slachtmhara (Rannpháirtíocht Phobail) 22

**Dúshláin agus Réitigh Amach Anseo** 26

**Cuspóirí agus Gníomhartha Phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2029** 28

Oideachas agus Feasacht 28

Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Phobail 28

Gníomhartha um Chosc agus Rialú Bruscair na nÚdarás Áitiúil 29

Forfheidhmiú agus Rialú 30

**Athbhreithniú agus Faireachán** 32

**Príomhtháscairí Feidhmíochta 2026 - 2029** 32

**Seirbhísí agus Saoráidí a chuireann Comhairle Contae Mhuineacháin ar fáil** 33

Ionaid Athchúrsála 33

Liosta na nIonad Fág Anseo i gContae Mhuineacháin 33

**Conclúid** 33

**Aguisíní** 34

Aguisín 1 – Liosta na nIonad Fág Anseo i gContae Mhuineacháin 34

Aguisín 2 - An Chaoi le Gearán Bruscair a Dhéanamh 35











1.0

# Réamhrá

## 1.1 Contae Mhuineacháin – Forléargas

Is contae talamhiata ar an teorainn é Contae Mhuineacháin ina bhfuil thart ar 1,295 km2 de chumhdach talún agus a bhfuil 65,228 duine ina gcónaí ann, le fás seasmhach ar an daonra á thaifeadadh ó 2002 i leith. Tá sé suite go straitéiseach ar an teorainn le rochtain mhaith ar phríomhbhealaí ó thuaidh agus ó dheas. Tá stair shaibhir ag an gcontae, mar aon le timpeallacht nádúrtha dhinimiciúil a áiríonn áiteanna amhail Coill Choncró, Páirc Foraoise Ros Mór, Loch Mucnú, Sliabh Beatha, Glasbhealach Chanáil Uladh, Caisleán Leslie agus Ionad Patrick Kavanagh a mheallann turasóirí. I measc na dtréithe a luaitear le muintir Mhuineacháin, tá spiorad fiontraíochta láidir, earnáil bhríomhar dhúchasach FBManna agus muintearas láidir, tréithe a fhágann gur iontach an áit é Contae Mhuineacháin chun cur fút, bheith ag obair agus bheith faoi bhláth.

## 1.2 Cúlra atá leis an bPlean Bruscair

Cuirtear leis an Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 ceangal ar údaráis áitiúla an plean Bainistíochta Bruscair a athbhreithniú go tréimhsiúil, agus é a leasú nó plean nua a thabhairt ina áit nuair is gá. Tiocfaidh Plean Bainistíochta Bruscair 2026-2029 in áit an phlean roimhe seo, agus athdhearbhaíonn sé tiomantas Chomhairle Contae Mhuineacháin chun aghaidh a thabhairt ar an mbruscar trí chéimeanna a bheidh le glacadh chun bruscar a chosc agus a rialú sa tréimhse amach romhainn a leagan amach. Forordaítear sa reachtaíocht na comhpháirteanna íosta sonracha de Phlean Bainistíochta Bruscair, lena n-éilítear faisnéis faoi ghníomhaíochtaí coiscthe agus rialaithe bruscair mar aon le beartais agus cuspóirí cuí a leagan amach. Cuireann an Plean seo le dul chun cinn an Phlean Bainistíochta Bruscair a bhí ag an gComhairle roimhe seo agus tá sé mar aidhm aige feasacht agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh, mar aon leis na spriocanna agus gníomhartha don chéad tréimhse trí bliana eile a leagan amach. Bunaíonn Plean Bainistíochta Bruscair 2026 – 2029 na cuspóirí atá againn chun bruscar a chosc agus a bhainistiú, forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le bruscar i gContae Mhuineacháin agus na modhanna chun iad a bhaint amach. Ní mór gurb í an fhreagracht atá orainn ar fad as an mbruscar a bhainistiú agus a chosc nuair atáimid i mbun ár ngnóthaí féin an phríomhtheachtaireacht a chuirimid amach ionas go n-éireoidh leis an bplean. Tá freagracht chomhroinnte ann i measc mhuintir an chontae ar fad; Comhairle Contae Mhuineacháin, gnólachtaí, cuairteoirí, tionscal agus áitritheoirí chun bruscar a chosc.

## 1.3 Próiseas Comhairliúcháin

Chuaigh Comhairle Contae Mhuineacháin i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ar fad chun plean láidir a shocrú. Cuireadh an plean os comhair na mball i bhfoirm dhréachta ag an SPC um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol sular cuireadh é amach lena iniúchadh ag an bpobal ar feadh tréimhse 4 seachtaine. Cuireadh tuarascáil a leag amach toradh an phróisis comhairliúcháin faoi bhráid na mball de Chomhairle Contae Mhuineacháin lena meas agus lena glacadh.

Léirítear sa ghrafaic eolais thíos an próiseas comhairliúcháin a rinneadh chun ceanglais an Achta um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, a chomhlíonadh:




Fógrófar fógra poiblí den athbhreithniú agus déanamh Phlean Bainistíochta Bruscair 2026 – 2029 sna meáin áitiúla i mí na Nollag 2025. Cuirfear fáilte roimh ionchur ar bith ó dhaoine den phobal agus is féidir é a chur isteach trí thairseach chomhairliúcháin ag **Comhairliúchán | Tairseach Comhairliúchán Chomhairle Contae Mhuineacháin**. Nuair a bheidh próiseas na n- aighneachtaí críochnaithe, tabharfar an dréachtphlean chun críche agus cuirfear é os comhair na Comhairle iomláine lena chur i bhfeidhm go luath in 2026 ar amlínte a chomhaontófar agus foilseofar Plean Bainistíochta Bruscair 2026 - 2029 ansin ar **www.monaghan.ie**.



2.0

# Oibleagáid Reachtúil

## 2.1 Céard is Bruscar ann?

Sainmhíníonn Alt 2 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú), an bruscar mar:

> "Substaint nó rud ar bith, bíodh sé beartaithe mar dhramhaíl nó ná bíodh, atá, nó ar dóigh dó a bheith gránna, díobhálach, masmasach nó míshláintíoch nuair a chuirtear é in áit seachas gabhdán bruscair nó áit eile atá ainmnithe don chur, cibé acu leis féin nó le haon substaint nó rud eile den sórt sin, agus beag beann ar mhéid agus toirt na substainte nó an ruda nó méid an chuir."

Tá an sainmhíniú seo sách leathan agus cuimsítear graifítí, diúscairt mhídhleathach, fógraíocht, guma coganta, bruscar tí a chuirtear i mbosca bruscair, caitheamh bruscair neamhchúiseach idir páipéir/butaí toitíní agus salú ag madraí ann, chomh maith le rud ar bith eile atá, nó is dócha go mbeidh sé, gránna. Is féidir le gach rud idir tocht nó mála dubh a diúscraíodh i réiteach foraoise, agus buta toitín cois bóthair a bheith i gceist leis.

Is féidir le bruscar a bheith ann sa timpeallacht ar feadh tréimhsí fada ama sula ndíghrádóidh sé. Ina theannta sin, anuas ar bheith gránna, baineann sé ónár sráideanna, eastáit tithíochta, páirceanna, portaigh agus fálta sceach, agus is minic go gcríochnaíonn sé inár n-aibhneacha agus in aigéin an domhain sa deireadh.

Is féidir éifeacht dhochrach a bheith ag an mbruscar ar an bhfiadhúlra, ar an taitneamh a bhainimid as áiseanna agus ar chaighdeán beatha na ndaoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath. Is féidir tionchar diúltach a bheith aige ar infheistíocht fhéideartha sa cheantar agus sa turasóireacht chomh maith.

### Reachtaíocht

Liostaítear thíos an phríomhreachtaíocht a úsáideadh ag an gComhairle maidir le bainistiú bruscair/dramhaíola:

- **An tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, arna leasú**
- **An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú**
- **An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022**

Tabhair faoi deara: níl an méid thuas ceaptha a bheith ina liosta uileghabhálach, d'fhéadfadh reachtaíocht/rialacháin eile a bheith ábhartha, ag brath ar gach cás.



“Ár gContae Tá saibhir stair le dinimic nádúrtha timpeallacht”

## 2.2 Tá tú ag briseadh an dlí nuair:

# Tá tú ag briseadh an dlí nuair:



A chuireann tú **fógraí nó fógráin neamhúdaraithe** ar struchtúir amhail cuaillí, crainn srl. atá infheicthe i mbéal an phobail.

A chuireann tú do **dhramhaíl tí** amach lena bailiú ar bhealach a chruthaíonn bruscar.

A theipeann ort salachar do **mhadra** a ghlanadh suas i gceantair phoiblí.

A **dhónn** tú ábhair ar bith ar do thalamh lena n-áirítear dramhaíl tí, scotháin fáil, craobhacha crainn.

A chruthaíonn tú **bruscar** i spás poiblí.

A chaitear **bruscar as feithicil** ar leatsa í, atá á tiomáint agat nó atá faighte ar cíos agat.

A chuireann tú **fógraí nó bileoigíní fógraíochta** ar fheithiclí.

**Atá cónaí ort ar thalamh, nó is leatsa é**, is féidir a fheiceáil ó áit phoiblí agus teipeann ort é a choinneáil saor ó bhruscar.

A fhaigheann tú **scipe bruscair** ar cíos, nó is leatsa é, agus teipeann ort bearta a ghlacadh chun giniúint bhruscair a chosc.

A chuireann tú dramhaíl tí i **mbosca bruscair sráide.**

## 2.3 Cé atá freagrach as an mbruscar a chosc

Baineann freagracht chomhroinnte le dul i ngleic leis an mbruscar. Tá ról ag an Údarás Áitiúil, an pobal agus gnólachtaí i dtaca leis. Leagtar amach sna léaráidí thíos:

- **Freagrachtaí an Údaráis Áitiúil**
- **Freagrachtaí an Phobail**
- **Freagrachtaí na nGnólachtaí**



## Freagrachtaí an Phobail:

1. Bíonn dualgas ar úinéirí/áititheoirí réadmhaoine a bhfuil rochtain aici ar áit phoiblí chun an réadmhaoin a choinneáil saor ó bhruscar.
2. Bíonn dualgas ar úinéirí/áititheoirí réadmhaoine is féidir a fheiceáil ó áit phoiblí chun an réadmhaoin a choinneáil saor ó bhruscar.
3. Conraitheoir ceadúnaithe a fhostú chun dramhaíl tí a bhailiú.
4. Cinntigh go gcuirtear butaí toitín, guma coganta, páipéar, bia, srl. i ngabhdán oiriúnach.
5. Bíonn úinéirí madraí freagrach as glanadh suas i ndiaidh a bpeataí.

## Freagrachtaí na nGnólachtaí

1. Chun a chinntiú nach mbíonn ábhar atá á iompar ina chúis le bruscar agus go ndaingnítear an t-ábhar go leordhóthanach chun an bruscar a sheachaint.
2. Chun a chinntiú nach gcuirtear ábhair fógraíochta ar bith ar charranna.
3. Chun a chinntiú nach gcuirtear fógraí neamhúdaraithe ná fógra í poiblí in áiteanna poiblí.
4. Ní mór do ghnólachtaí a dhíolann galtoitíní pointe bailithe ceallraí ERP a bheith ar an láthair acu.
5. Chun aon talamh príobháideach is féidir a fheiceáil ó áit phoiblí a choinneáil saor ó bhruscar.
6. Caithfidh tionscnóirí/eagraithe imeachta a chinntiú go mbíonn bearta bainistíochta ithe dramhaíola i bhfeidhm ag an ionad acu agus sa cheantar máguaird.
7. Conraitheoirí ceadúnaithe a fhostú chun dramhaíl a bhailiú chun deireadh a chur leis an diúscairt mhídhleathach agus úsáid na mboscaí bruscair phoiblí le haghaidh dramhaíl tí.
8. Chun a chinntiú go bhfanann cosáin agus pábhálacha nach sáraíonn 100m den ghnólacht saor ó bhruscar.






CLOTHESPOD.IE
PROUDLY SUPPORTING
GREEN-SCHOOLS
Clothes
POD
clothespod.ie








"Táimid go léir freagrach do bhainistiú bruscair"

3.0

# Forléargas ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2021-2024

## Cláir um chosc agus rialú bruscair atá ann cheana

### 3.1 Maoir Bhruscair Thiomnaithe

Cuireann ár maor bruscair tiomnaithe buntáistí suntasacha ar fáil do Chomhairle Contae Mhuineacháin chun timpeallacht níos glaine agus níos tarraingtí a choinneáil.

- Feidhmíonn a láithreacht infheicthe mar bhac cumhachtach in aghaidh chaitheamh an bhruscair, fad atá
- Forfheidhmiú seasmhach na rialachán áitiúil á chumasú trí fhíneálacha ar an láthair agus rabhaidh.
- Téitear i dteagmháil dhíreach leis an bpobal, ag cur oideachas ar áitritheoirí agus ar ghnólachtaí maidir le diúscairt fhreagrach na dramhaíola agus tionscnaimh frithbhruscair a chur chun cinn.
- Cuirtear sonraí luachmhara ar fáil faoi na háiteanna is measa ó thaobh bruscair de, rud a ligeann don Chomhairle acmhainní a spriocdhíriú ar bhealach níos éifeachtaí.
- Trí mheán an fhaireacháin agus an fhorfheidhmithe rialta, cabhraíonn ár maor bruscair le costais ghlanta a laghdú, spásanna poiblí a fheabhsú agus tacú le cáil Mhuineacháin mar chontae atá fáilteach agus atá feasach ar an gcomhshaol.

### 3.2 Cláir/Tionscnaimh

Tacaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin le roinnt tionscnamh a dhíríonn ar scoláirí agus ar an bpobal i gcoitinne chun feasacht a chruthú thart timpeall ar éifeachtaí díobhálacha an bhruscair.

#### 3.2.1 Clár na Scoileanna Glasa

Glacann Comhairle Contae Mhuineacháin páirt i gClár na Scoileanna Glasa. Oibrítear agus comhordaítear an clár ag an Aonad Oideachais um Chomhshaol de chuid An Taisce (ball FEE Éirinn). Cuireann sé gníomh fadtéarmach, uile-scoile don chomhshaol chun cinn. Is é an téama don chéad ghradam brataí ná bruscar agus dramhaíl, agus téamaí comhshaoil ina dhiaidh sin ar chlár rollach dhá bhliain. Is bealach iontach é an clár comhshaoil seacht gcéim seo chun go spreagfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin an t-oideachas comhshaoil i measc na ndaoine óga, clár a raibh an tOifigeach Feasachta Comhshaoil i gceannas air.

An Taisce - the National Trust for Ireland

### 3.2.2 An Clár Pacaí Piocairí

Chuaigh Comhairle Contae Mhuineacháin i ngleic leis an gclár seo den chéad uair in 2024 agus bhí 22 scoil rannpháirteach ann. Tá an clár dírithe ar pháistí atá idir 6 agus 9 mbliana d'aois agus leagtar béim ann ar an maoirseacht, ar an bhfoghlaim agus ar an spraoi. Meallann Pacaí Piocairí páistí chun bheith feasach ar an mbruscar agus ar na tionchair dhiúltacha a ghabhann leis trí dhomhan daite faoi stiúir carachtair atá lán le leabhair ghníomhaíochta, léitheoirí timpeallachtaí, amhráin agus seanchas.

Cumasaíonn sé gníomh trí Phacaí Piocairí uaschúrsáilte uathúla a thabhairt do sheomraí ranga. Tá trealamh bainte bruscair iontu a thacaíonn le páistí agus cuireann sé ar chumas na bpáistí agus a dteaghlaigh chun fíorthionchar a imirt ar a gceantair áitiúla féin.

Ceiliúrann sé gníomhartha Pacaí Piocairí trí scéalta a insint faoina gcuid eachtraí bainte bruscair agus ar an gcaoi sin pobal de ghníomhaithe timpeallachta óga a chothú thart timpeall an domhain. Cinntíonn idirghníomhaíocht leanúnach le seomraí ranga rannpháirteacha trí Theilifís na bPacaí Piocairí (Picker Pals TV), comórtais agus imeachtaí eile go gcothaítear spreagadh agus athrú iompraíochta fadtéarmach i bpáistí agus ina dteaghlach..

### 3.2.3 Salú ag Madraí agus Tionscnamh na Siúlóirí Glasa Madraí

Is fadhb bhruscair atá ag fás leis na blianta í an salú ag madraí i mbailte agus i sráidbhailte. Ní hamháin go mbíonn salú ag madraí gránna, ach baineann baol sláinte agus sábháilteachta leis do go leor daoine, go háirithe iad siúd a úsáideann cathaoireacha rothaí, naíchóistí agus pramanna. Bíonn sé dúshlánach aghaidh a thabhairt ar fhadhb ligean amach na madraí leo féin mura féidir an t-úinéir a aithint agus Maor na Madraí a bheith in ann cuairt a thabhairt air/uirthi ina dhiaidh sin. Faoin **Acht um Rialú Madraí**, 1986, tá sé mídhleathach ligean do mhadra bheith ag fánaíocht gan mhaoirseacht.

Is tionscadal ar a bhfuil an pobal i gceannas é tionscnamh na Siúlóirí Glasa Madraí a dhíríonn ar úinéireacht fhreagrach madraí a chothú fad is atá contae níos glaine agus níos sláintiúla á chur chun cinn. Spreagann an tionscnamh siúlóirí madraí chun glanadh suas i ndiaidh a bpeataí agus chun málaí dramhaíola breise a thabhairt leo chomh maith lena gcomhroinnt le húinéirí madraí eile, ag cabhrú le haghaidh a thabhairt ar fhadhb an tsalaithe ag madraí i spásanna poiblí.

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo pobail níos glaine, níos glaise agus níos deise a chruthú trí bhéim a leagan ar thábhacht na freagrachta comhroinnte do spásanna poiblí.

Tá 51 dáileoir bruscair do shalachar madraí suiteáilte ag Comhairle Contae Mhuineacháin ag suíomhanna éagsúla ar fud an chontae agus tá sé i gceist aici tuilleadh a chur leis i gcéimeanna forbartha amach anseo.

### 3.2.4 Toitíní agus Vápáil

Is fadhb shuntasach iad na toitíní agus an vápáil a leanann go fóill, i gceantair uirbeacha go háirithe. Is feiniméan suntasach nua é ardú na ngaltoitíní aonúsáide agus na ngreamán vápála ar bhoscaí bruscair. Tacaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin le tionscnaimh ar fud an chontae chun aghaidh a thabhairt ar dhiúscairt galtoitíní trí fheachtais feasachta agus oibriú sa phobal chun spotaí dubha a aithint agus réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm.



(Vape Bin Initiative 2024 – Clones Youth Group)








## 3.3 Clár Droim ar Ais a Bhunú

Is tosaíocht forfheidhmithe do Chomhairle Contae Mhuineacháin í an bhainistíocht dramhaíola tí agus tráchtála. Tá dualgas ar gach teach agus áitreabh tráchtála chun a gcuid dramhaíola a bhainistiú go freagrach. Tá coir á déanamh ag áitreabh nach nglacann páirt i seirbhís bailithe dramhaíola (trí chonradh le bailitheoir dramhaíola údaraithe nó trí shocruithe comhroinnte bruscair ceadaithe) nó nach bhfaigheann réidh lena gcuid dramhaíola go díreach ag saoráid dramhaíola údaraithe faoi Fhodhlíthe Chomhairle Contae Mhuineacháin (Scaradh, Stóráil agus Cur i Láthair na Dramhaíola Tí agus Tráchtála) 2019. Éilíonn Alt 34C (7) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú, ar údaráis áitiúla go gcoinnítear clár daoine a bhaineann leas as seirbhís bailithe dramhaíola tí agus tráchtála.

Bainfear úsáid as bunú agus coinneáil Chlár Alt 34C (7), ina bhfuil sonraí faoi thithe agus áitribh thráchtála a bhaineann leas as seirbhís bailithe dramhaíola chun cuidiú le bunú Chlár Alt 34C (9), ina bhfuil sonraí fúthu siúd nach mbaineann leas as seirbhís bailithe dramhaíola. Úsáidfear an dá chlár chun bonn eolais a chur faoi chláir feasachta agus imeachtaí forfheidhmithe féideartha faoi Fhodhlíthe Chomhairle Contae Mhuineacháin (Scaradh, Stóráil agus Cur i Láthair na Dramhaíola Tí agus Tráchtála) 2019.

## 3.4 Glanadh Sráideanna i gCeantair Bhardasacha

Tá sceideal glanta sráideanna i bhfeidhm do na bailte níos mó, i.e. Muineachán, Carraig Mhachaire Rois, Baile na Lorgan, Cluain Eois agus Béal Átha Beithe. Déanann Oifigí na gCeantar Bardasach cinneadh maidir lena sceideal glanta sráideanna áitiúil acu agus oibríonn siad laistigh de shrianta an bhuiséid bhliantúil. €875,000 a bhí i mBuiséad an Chontae in 2024.

## 3.5 Boscaí Bruscair i mBailte agus Sráidbhailte na gCeantar Bardasach

Seirbhísítear Boscaí Bruscair i ngach baile agus sráidbhaile de réir socruithe éagsúla ag brath ar an gceantar. Bainistíonn roinnt pobal a gcuid boscaí bruscair sráide áitiúla féin trí shruthanna maoinithe éagsúla, fad atá cinn eile á mbainistiú ag an Údarás Áitiúil.

## 3.6 Acmhainní Airgeadais do Phobail

Tacaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin le pobail a thugann aghaidh ar bhruscar ina bpobail agus glacann roinnt grúpaí ar fud an chontae freagracht as aire a thabhairt do bhoscaí bruscair i gceantair nuair nach féidir leis an gComhairle seirbhís dá leithéid a chur ar fáil. Tacaíonn an Ceantar Bardasach áitiúil leis na grúpaí seo agus bíonn deiseanna acu cistí a tharraingt anuas trí dheontais na Comhairle.

## 3.7 An Scéim Éarlaise agus Aisíoca (DRS)

Tá sé mar aidhm ag an Scéim Éarlaise agus Aisíoca borradh a chur faoi ráta athchúrsála na gcoimeádán dí trí éarlais bheag, in-aisíoctha a ghearradh ar gach buidéal plaisteach nó canna ag an díolphointe. Áirítear buidéil phlaisteacha TPE (teireataláit phoileitiléine) agus cannaí alúmanaim agus cruach idir 150ml agus 3 lítear leis an Scéim. Baineann éarlais 15c le coimeádáin atá 500ml nó níos lú agus éarlais 25c le gach coimeádán atá os cionn 500ml. Oibrítear an Scéim ag Re-turn agus tháinig sí i bhfeidhm i mí Feabhra 2024. Tá dualgas dlí ar gach táirgeoir agus miondíoltóir clárú le Re-turn.

Mura bhfuil lógó Re-turn ar choimeádán, ba cheart go n-athchúrsálfaí é mar is gnách. Is féidir coimeádáin a thabhairt ar ais do shiopa ar bith a dhíolann coimeádáin dí ar a bhfuil an lógó Re-turn, beag beann ar an áit ar ceannaíodh é. Sna siopaí seo, is féidir leat coimeádáin a thabhairt ar ais:

- Trí úsáid a bhaint as Meaisín Díola Droim ar Ais (RVM) nó;
- De láimh sa siopa (ní bheidh meaisín RVM i ngach siopa). Mura bhfuil RVM ag siopa ach má dhíolann siad coimeádáin ar a bhfuil an lógó Re-turn, ní mór don siopa ligean duit coimeádáin a thabhairt ar ais de láimh sa siopa.

## 3.8 Bruscar Scaipthe ar Bhóithre Gnóthacha

Tá an bruscar scaipthe feiceálach, baineann dochar féideartha don fhiadhúlra leis agus is minic a bhíonn sé contúirteach lena bhaint toisc go mbíonn siad ar thaobh bóithre gnóthacha. Is féidir le hearraí toirtiúla draenacha a bhlocáil, rud a bhíonn ina chúis le tuile dhromchla ar bhóithre tuaithe agus is féidir le bruscar plaisteach a bheith ina bhaol don fhiadhúlra.

Is conraitheoirí arna gceapadh ag Comhairle Contae Mhuineacháin a thugann faoi bhaint bhliantúil an bhruscair feadh an N2 agus tá an méid seo a leanas i gceist léi:

- Dhá chuairt in aghaidh na bliana chun bruscar a bhaint ar an ngréasán bóithre chun teacht le gearradh ciumhaise.
- Trí chuairt ar gach timpeallán in aghaidh na bliana chun bruscar a bhaint, a thagann le cothabháil ghinearálta na dtimpeallán.

## 3.9 Dumpáil Mhídhleathach

Neartaigh foireann forfheidhmithe Chomhairle Contae Mhuineacháin an cumas atá aici chun aghaidh a thabhairt ar an dumpáil mhídhleathach le maoiniú a cuireadh ar fail ag an rialtas láir do chigirí forfheidhmithe dramhaíola. Cinntíonn an tacaíocht airgeadais seo, arna soláthar faoi struchtúir forfheidhmithe dramhaíola náisiúnta agus arna comhordú ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, go gcoinníonn údaráis áitiúla gréasán d'oifigigh oilte atá tiomanta d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh agus aghaidh a thabhairt ar sháruithe reachtaíochta dramhaíola.




In éineacht le tionscnaimh na hardteicneolaíochta agus tionscnaimh arna spreagadh ag an bpobal amhail "An bhfaca tú rud éigin? Abair rud éigin!", cuireann an maoiniú seo ar chumas Mhuineacháin freagra sciobtha agus éifeachtach a thabhairt ar an dumpáil mhídhleathach, ag cosaint na timpeallachta agus na sláinte poiblí.

## 3.10 Feachtais Bhruscair ar fud an Chontae

Ritheann Comhairle Contae Mhuineacháin tionscnaimh phobail i rith na bliana chun troid i gcoinne an bhruscair agus cuireann sí réimse beart i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu daoine a chur ar an eolas faoi chosc an bhruscair.

**Feachtais Bhruscair ar fud an Chontae**

1. Tugann Comhairle Contae Mhuineacháin faoi fheachtas bliantúil ar na meáin chun Lá an Ghlantacháin Náisiúnta Earraigh agus Lá Glantacháin an Domhain a fhógairt agus a chur chun cinn.
2. Leanúint le tacaíocht a thabhairt do chumann na mBailte Slachtmhara agus Gréasán na gCumann Áitritheoirí agus d'eagraíochtaí Deonacha eile maidir le tabhairt faoi ghlantacháin phobail.
3. Díriú ar scoileanna sa Chontae chun rannpháirtíocht i nglantacháin phobail a spreagadh mar chuid dá Lá Gnímh do Chlár na Scoileanna Glasa.
4. Tacú le hiarrachtaí na hearnála deonaí trí scipí bruscair, málaí agus bainteoirí bruscair a chur ar fáil chun cuidiú le glanadh éifeachtach agus sábháilte na bpobal áitiúil ó cheann ceann na bliana.
5. **Clárú a spreagadh d'oibrithe deonacha ar www.nationalspringclean.org**

## 3.11 Glantachán Náisiúnta Earraigh

Is é Glantachán Náisiúnta Earraigh an tionscnamh frithbhruscair is mó a bhfuil tóir air, is aitheanta agus is rathúla in Éirinn. Agus é ar siúl ar feadh mhí an Aibreáin ar fad, spreagann an feachtas gach earnáil den tsochaí chun freagracht a ghlacadh as an mbruscar agus bheith ghníomhach trí ghlantacháin a dhéanamh ina dtimpeallacht áitiúil féin. Is féidir le Comhairle Contae Mhuineacháin scipí bruscair a chur ar fáil saor in aisce le linn na míosa seo chun cuidiú le grúpaí móra a n-eastát nó a gceantar a ghlanadh. Cuireann Comhairle Contae Mhuineacháin bainteoirí bruscair agus málaí ar fáil do ghrúpaí sa chontae chomh maith. Chun leas a bhaint as seo, ní mór do phobail a bheith cláraithe le with **www.nationalspringclean.org**.

## 3.12 Tionscnaimh Frithdhumpála

Daingníonn Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil maoiniú bliantúil tríd an Tionscnamh Frithdhumpála chun tacú le réimse tionscadal comhshaoil. Táthar ag súil le go leanfaidh an cistiú de bheith ar fáil faoin tionscnamh seo le linn Phlean Bainistíochta Bruscair 2026–2029, agus cuirfidh an Chomhairle iarratas bliantúil isteach ar an leithdháileadh uasta. Daingníodh níos mó ná €400,000 idir 2021 agus 2024 faoin bPlean Bainistíochta Bruscair roimhe seo tríd an Tionscnamh Frithdhumpála, ag cumasú soláthair na dtionscadal iomadúil comhshaoil.

### Tionscnaimh Frithdhumpála

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Saor in Aisce | Laethanta bailithe dramhaíola guaisí saor in aisce ag Coirnéal na nAlbanach. |
| 2 | Fóirdheonaithe | Bailiú toirtiúil fóirdheonaithe ag na hionaid athchúrsála. |
| 3 | Suiteáil | Suiteáil 20 bosca bruscair a dhlúthaíonn bruscar le cumhacht na gréine ar fud na 3 Cheantar Bhardasacha. |
| 4 | Léiriú | Léiriú de shraith físeán um fheasacht dramhaíola. |

## 3.13 An Tionscnamh "D'Fhéile a Dhéanamh Glas"

Thug Rannóg an Chomhshaoil an Tionscnamh "D'Fhéile a Dhéanamh Glas" isteach, a leagann amach na céimeanna seo a leanas chun d'fhéile a dhéanamh níos inbhuanaithe.

- Bearta a chur i bhfeidhm amhail boscaí bruscair athchúrsála agus múirín atá marcáilte go soiléir a chur ar fáil ar fud an ionaid
- Díoltóirí a spreagadh chun pacáistiú in-bhithmhillte nó in-athúsáidte a úsáid
- Beartas "tabhair leat do bhuidéal féin" a thabhairt isteach le tacaíocht ó stáisiúin athlíonta uisce saor in aisce.
- Dul i gcomhpháirtíocht le seirbhísí bainistíochta dramhaíola áitiúla chun diúscairt agus athchúrsáil chuí a chinntiú
- Ina theannta sin, téann eagraithe imeachtaí i dteagmháil leis an lucht freastail trí fheachtais ar na meáin shóisialta a tharraingíonn aird ar thionscnaimh ghlasa na féile / an imeachta, lena gcothaítear cultúr freagrachta comhshaoil.



“Féach Rud Éigin?
Abair Rud!”

4.0

# Dul Chun Cinn 2021-2025 a Thomhas

## 4.1 Córas Faireacháin Náisiúnta ar Thruailliú ó Bhruscar (NLPMS)

Is é cuspóir an NLPMS ná méid agus comhdhéanamh an Truaillithe ó Bhruscar a mheas. Is uirlis chinnteoireachta í, a thugann léargas d'Údaráis Áitiúla ar an truailliú ó bhruscar ina limistéir feidhme, rud a ligeann dóibh bearta frithbhruscair a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus éifeachtacht na mbeart a mheas. Leanfaidh na Suirbhéanna Truaillithe ó Bhruscar agus na Suirbhéanna Cainníochtaithe Bruscair ar aghaidh de bheith á ndéanamh ar bhonn bliantúil chun éifeachtacht na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú ó bhruscar a mheas agus chun aird a tharraingt ar fhadhbanna reatha de réir mar a thagann siad chun cinn.

Seo comparáid idir **príomhchúiseanna an truaillithe ó bhruscar** idir 2021 agus 2024:

| Cúis 2021 | Cúis 2024 |
|---|---|
| Coisithe atá ag dul thar bráid: **40.9%** | Coisithe atá ag dul thar bráid: **39.4% (↓)** |
| Tiománaithe atá ag dul thar bráid: **22.4%** | Tiománaithe atá ag dul thar bráid: **20.2% (↓)** |
| Ionaid díola: **8.3%** | Ionaid díola: **9% (↑)** |
| Pointí tionóil: **6.2%** | Pointí tionóil: **7.2% (↑)** |
| Scoileanna/páistí scoile: **4.6%** | Scoileanna/páistí scoile: **4.2% (↓)** |
| Bialanna mearbhia: **4.3%** | Bialanna mearbhia: **5.1% (↑)** |
| Áiteanna fóillíochta/siamsaíochta: **4.1%** | Áiteanna fóillíochta/siamsaíochta: **5.1% (↑)** |
| Stadanna bus: **2.6%** | Stadanna bus: **2.9% (↑)** |
| Diúscairt mhídhleathach/dumpáil: **2.2%** | Diúscairt mhídhleathach/dumpáil: **2.6% (↑)** |
| Ionaid fág anseo: **1.7%** | Ionaid fág anseo: **2% (↑)** |
| UMBanna Bainc: **0.8%** | |

### Príomhthorthaí

- Is iad **coisithe agus tiománaithe** na príomhchúiseanna fós, ach tháinig laghdú beag orthu araon.
- **Tháinig méadú ar ionaid mhiondíola, pointí tionóil, áiteanna fóillíochta agus bialanna** mearbhia uile.
- Tháinig ardú ó 2.2% go dtí 2.6% ar an **diúscairt mhídhleathach/dumpáil.**

## Comhpháirteanna Bruscair 2021

- Bruscar a Bhaineann le Toitíní **49%**
- Earraí Pacáistithe **21%**
- Bruscar a bhaineann leis an mBia **11%**
- Bruscar a bhaineann le Milseáin **9%**
- Earraí Páipéir **7%**
- Bruscar Díobhálach **3%**





## Comhpháirteanna Bruscair 2024

- Bruscar a Bhaineann le Toitíní **50%**
- Earraí Pacáistithe **19%**
- Bruscar a bhaineann leis an mBia **9%**
- Bruscar a bhaineann le Milseáin **8%**
- Earraí Páipéir **7%**
- Bruscar Díobhálach **3%**
- Bruscar a bhaineann leis an Vápáil **3%**
- Bruscar Ilchineálach **1%**

## Príomhthorthaí

- **Bruscar a bhaineann leis an toitín** is mó atá ann an dá bhliain (48.4% → 49.5%).
- **Tháinig laghdú beag ar** earraí pacáistithe (20.4% → 19%).
- **Laghdaigh an bruscar a bhaineann le bia** ó 11.2% go 8.7%.

**Catagóir nua in 2024:**

- **Bruscar a bhaineann leis an Vápáil** (2%)

## 4.2 Fóram na mBailte Slachtmhara (Rannpháirtíocht Phobail)

Tá traidisiún fada ag Coistí na mBailte Slachtmhara i gContae Mhuineacháin de bheith rannpháirteach i gComórtais na mBailte Slachtmhara SuperValu. Oibríonn coistí na mBailte Slachtmhara againn ar fud an chontae gan stad gan staonadh chun feabhas a chur ar chuma na mbailte agus na sráidbhailte.

Léirítear sa tábla thíos an feabhas céatadánach a tháinig ar gach Grúpa Bailte Slachtmhara a chuir isteach ar an gcomórtas 3 huaire nó níos mó sa tréimhse 2021 – 2025.

| TT Group | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | Growth Rate (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Eoroim | 209 | 217 | 227 | 240 | 250 | 19.6% |
| Cill Laobháin | 215 | 223 | 231 | 246 | 256 | 19.1% |
| Na Mullaí | 213 | 221 | 229 | 242 | 251 | 17.8% |
| Dubhthamhlacht | 237 | 246 | 253 | 265 | 276 | 16.5% |
| Muineachán | 335 | 346 | 356 | 371 | 386 | 15.2% |
| Cnoc an tSalainn | 213 | 221 | 228 | 234 | 240 | 12.7% |
| Carraig Mhachaire Rois | 347 | 356 | 365 | 376 | 389 | 12.1% |
| Scairbh na gCaorach | 282 | 289 | 297 | 306 | 316 | 12.1% |
| Béal Átha an Fhóid | 309 | 314 | 321 | 334 | 346 | 12.0% |
| Glasloch | 352 | 361 | 373 | 381 | 393 | 11.6% |
| Tigh Damhnait | 305 | 312 | 318 | 329 | 339 | 11.1% |
| Crois Ui Ghrianain | 268 | 275 | 280 | 287 | 295 | 10.1% |
| Baile na Lorgan | 312 | 320 | 326 | 333 | 342 | 9.6% |
| Béal Átha Beithe | 268 | 276 | | 285 | 293 | 9.3% |
| Cluain Eois | 304 | 311 | 318 | 325 | 332 | 9.2% |
| Baile an Scotaigh | 290 | 298 | 304 | 309 | 316 | 9.0% |
| Inis Caoin | 318 | 325 | 332 | 337 | 344 | 8.2% |
| Baile Oisin | 225 | 231 | 237 | 243 | | 8.0% |
| Ard Achaidh | 306 | 310 | 316 | 322 | 329 | 7.5% |
| Achadh na hAbhla | | 287 | 294 | 301 | | 4.9% |
| Druim | | | 307 | 313 | 319 | 3.9% |

Meastar gach iarrthóir faoi ocht gcritéar le 550 marc san iomlán ar fáil mar atá thuas.

Tá treocht fhoriomlán gach grúpa Bailte Slachtmhara ag dul i bhfeabhas, mar is léir ón Tábla thuas, ar léiriú iontach é seo do gach duine a raibh baint acu lena bpobal thar thréimhse 5 bliana idir 2021 agus 2025.

An dá Iarrthóir Nua a bhí ann in 2025 ná Loch Éigis ag a raibh scór de 231 agus Buíochar ag a raibh scór de 297.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig: Tuarascálacha Stairiúla
- **Comórtas na mBailte Slachtmhara SuperValu**

Leagtar amach na torthaí a baineadh amach le linn an Phlean Bainistíochta Bruscair 2021-2023 roimhe seo thíos:

**Torthaí na mBailte Slachtmhara in 2021**

**Glasloch - Catagóir B**
- Céad Áit sa Chontae & Bonn Óir
- Gradam Réigiúnach an Iarthuaiscirt
- Céad Bhuaiteoir de Ghradam na nDaoine Óga sna Bailte Slachtmhara

**Carraig Mhachaire Rois – Catagóir E**
- Dara hÁit sa Chontae & Bonn Óir
- Gradam Náisiúnta don Tionscadal is Nuálaí

**Baile Mhuineacháin – Catagóir E**
- Tríú hÁit sa Chontae & Bonn Airgid

Gradam Dianiarrachta – **Na Mullaí**

**Torthaí na mBailte Slachtmhara in 2022**

**Glasloch - Catagóir B**
- Céad Áit sa Chontae & Bonn Óir

**Carraig Mhachaire Rois – Catagóir E**
- Dara hÁit sa Chontae & Bonn Óir

**Baile Mhuineacháin – Catagóir E**
- Tríú hÁit sa Chontae & Bonn Airgid

Gradam Dianiarrachta – **Eoroim**

**Torthaí na mBailte Slachtmhara in 2023**

**Glasloch - Catagóir B**
- Céad Áit sa Chontae & Bonn Óir

**Carraig Mhachaire Rois – Catagóir E**
- Dara hÁit sa Chontae & Bonn Óir

**Baile Mhuineacháin – Catagóir E**
- Tríú hÁit sa Chontae & Bonn Airgid

Gradam Dianiarrachta – **Eoroim**

**Torthaí na mBailte Slachtmhara in 2024**

**Glasloch - Catagóir B**
- Céad Áit sa Chontae & Bonn Óir

**Carraig Mhachaire Rois – Catagóir E**
- Dara hÁit sa Chontae & Bonn Óir

**Baile Mhuineacháin – Catagóir E**
- Tríú hÁit sa Chontae & Bonn Airgid

Gradam Dianiarrachta – **Cill Laobháin**

**Torthaí na mBailte Slachtmhara in 2025**

**Glasloch - Catagóir B**
- Céad Áit sa Chontae & Bonn Óir

**Carraig Mhachaire Rois – Catagóir E**
- Dara hÁit sa Chontae & Bonn Óir

**Baile Mhuineacháin – Catagóir E**
- Tríú hÁit sa Chontae & Bonn Airgid

Gradam Dianiarrachta – **Eoroim**

## Struchtúr na nDuaiseanna

- Is don fheabhsú is mó ag iarrthóir i ngach contae ón mbliain roimhe seo a bhronntar na Gradaim Dhianiarrachta.
- Gradaim an Chontae don triúr iarrthóirí is fearr i ngach contae.
- Gradaim Réigiúnacha don iarrthóir is airde scór i ngach réigiún.
- Boinn Óir, Airgid agus Chré-umha d'iarrthóirí le scóir a thiteann laistigh de réimse socraithe de scór buacach na bliana sin.
- Gradaim Chatagóire do na hiarrthóirí is airde scór sna catagóirí seo: Sráidbhaile, Baile Beag, Baile Mór agus Lárionad Uirbeach Mór.
- Gradam an Bhaile is Slachtmhaire in Éirinn don iarrthóir is airde scór sa chomórtas iomlán.

## Téann Bailte agus Sráidbhailte Chontae Mhuineacháin in iomaíocht sna Catagóirí seo a leanas ag brath ar an líon daonra iontu

| | | |
|---|---|---|
| An Sráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn | = Catagóirí Pobail – A&B | Catagóir Phobail A = Under 200<br>Catagóir Phobail B = 201 to 1,000 |
| An Baile Beag is Slachtmhaire in Éirinn | = Catagóirí Pobai – C&D | Catagóir Phobail C = 1,001 to 2,500<br>Catagóir Phobail D = 2,501 to 5,000 |
| An Baile Mór is Slachtmhaire in Éirinn | = Catagóirí Pobail –E&F | Catagóir Phobail E = 5,001 to 10,000<br>Catagóir Phobail F = 10,001 to 15,000 |

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chatagóirí Moltóireachta, téigh chuig:
**Leabhar Torthaí na mBailte Slachtmhara - Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu**

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi scóir roimhe seo, téigh chuig:
**Tuarascálacha Stairiúla - Comórtas na mBailte Slachtmhara SuperValu**





"Tionscnaimh phobail ag cabhrú le cruthú feasacht timpeall an dochar éifeachtaí bruscair."

5.0

# Dúshláin agus Réitigh Amach Anseo

Leanann an bruscar de bheith ina shaincheist náisiúnta a éilíonn cur chuige seasmhach agus dírithe chun aghaidh éifeachtach a thabhairt air. Is ionann an scéal i gContae Mhuineacháin agus leanann an bruscar ar aghaidh de bheith ina dhúshlán ar bhonn áitiúil. Cuireann an bruscar le díghrádú ár dtimpeallachta áitiúil. Mar smál infheicthe ar an tírdhreach, baineann sé de mhórtas agus den cheangal a bhíonn i measc mhuintir an phobail. Caitear cistí áitiúla agus acmhainní daonna suntasacha ar an gcostas a bhaineann le dul i ngleic leis an mbruscar. Tá formhór na ndaoine i Muineachán tiomanta don bhruscar a chosc agus deireadh a chur leis inár bpobail tuaithe, inár mbailte uirbeacha agus inár dtimpeallacht nádúrtha ar bhealach gníomhach. Is féidir leis an mbruscar cur isteach ar tharraingteacht ár gcontae le haghaidh fóillíochta, turasóireachta agus infheistíochta. Anuas ar an tionchar físiúil áitiúil, cuireann pobal atá saor ó bhruscar muintearas, braistint folláine agus braistint mhórtais chun cinn. Ní hamháin go gcuireann áitritheoirí a oibríonn i gcomhar a chéile chun troid i gcoinne an bhruscair le feabhsú a dtimpeallachtaí ach le cruthú pobail atá faoi bhláth agus idircheangailte ina mothaíonn daoine gur leo an áit agus iad freagrach aisti chomh maith.

Is é an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo ná cur chuige comhpháirteach ina bhfuil baint ag na príomhpháirtithe leasmhara sa tsochaí ar fad chun daoine a chur ar an eolas faoin mbruscar agus na héifeachtaí a bhaineann leis. In éineacht leis sin, ní mór don Chomhairle an ról atá aici féin i gcosc agus rialú an bhruscair a athbhreithniú agus a fheabhsú nuair is gá. Tá feasacht mhéadaitheach ar an tábhacht a bhaineann lenár gcontae a choinneáil saor ó bhruscar, ach is gá meonta agus iompraíocht a athrú chun aitheantas a thabhairt do ghné fhrithshóisialta an bhruscair agus is féidir leis dochar a dhéanamh do shruthchúrsaí, d'ainmhithe agus don fhiadhúlra.

Tá an comhoibriú agus an t-oibriú comhpháirteach le pobail lárnach do bhaint amach chuspóirí an phlean seo. Tá neart comhpháirtíochtaí rathúla tógtha ag Comhairle Contae Mhuineacháin i gcaitheamh na mblianta agus leanfaidh sí ar aghaidh leis na caidrimh seo a chothú amach anseo. Ní mór aitheantas a thabhairt don ionchur sárluachmhar a dhéantar ag Grúpaí Deonacha agus Pobail, Scoileanna, Bailte Slachtmhara, Cumainn na nÁitritheoirí, Gnólachtaí, Gníomhaireachtaí Reachtúla agus daoine aonair réamhghníomhacha a mbíonn ról bunúsach acu i gcaomhnú timpeallachta nádúrtha ár gcontae.

Is féidir athrú a bhaint amach trí fheasacht ar an gcaitheamh bruscair a chothú, na cúiseanna agus na hiarmhairtí a ghabhann leis, taobh le forfheidhmiú trí fhíneálacha ar an láthair agus ionchúisimh. Tá sé ríthábhachtach go n-oibríonn gach earnáil (m.sh., earnálacha áitritheora, tráchtála agus pobail) le Comhairle Contae Mhuineacháin chun a chinntiú go gcoinnítear sráideanna, cosáin agus bóithre inár mbailte, sráidbhailte agus contae glan agus tarraingteach.

Tá an Plean ag iarraidh laghdú leanúnach ar na leibhéil truaillithe ó bhruscar ar fud an chontae a bhaint amach. Déanfar faireachán ar fheidhmíocht trí athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an gCóras Faireacháin Náisiúnta ar Thruailliú ó Bhruscar dá dtagraítear in Alt 4.1 thuas agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta Chomhairle Contae Mhuineacháin.

D'aithin Comhairle Contae Mhuineacháin an méid seo a leanas mar fhadhbanna dúshlánacha:

## Príomhdhúshláin Bhruscair a Aithníodh agus na Gníomhartha atá de dhíth

| Dúshlán Bruscair | Gníomh de dhíth |
|---|---|
| **Dumpáil mhídhleathach faoin tuath lena n-áirítear portaigh, sléibhte, aibhneacha agus foraoisí** | Bíonn gníomh forfheidhmithe in éineacht le rannpháirtíocht na bpobal áitiúil de dhíth chun déileáil le spotaí dubha bruscair. Nuair is iomchuí, oiriúnacht an TCI a mheas i gcomhréir le Nós Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach (SOP) Chomhairle Contae Mhuineacháin chun Suíomhanna a Mheas do Shuiteáil TCI Oscailte in áiteanna ainmnithe ar leith chun cuidiú le brath agus ionchúiseamh na gcoireanna. Tóg comhpháirtíocht leis an Maor Caomhantais laistigh den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. |
| **Tá salú ag madraí achrannach feadh roinnt bealaí siúil agus i roinnt eastát tithíochta** | Tá gá le feachtais oideachais agus feasachta in éineacht leis an bhforfheidhmiú taobh le rannpháirtíocht na bpobal áitiúil chun iad siúd atá freagrach as salú ag madraí a aithint agus a thuairisciú chun aghaidh a thabhairt air. |
| **Tiománaithe agus coisithe atá ag dul thar bráid ag diúscairt bruscair go mídhleathach** | Dírigh ar thiománaithe agus coisithe le teachtaireachtaí trí na meáin shóisialta, raidió áitiúil agus maoir bhruscair agus thráchta infheicthe. |
| **Bruscar ó ionaid bia saoráideach** | Rannpháirtíocht leis an bpobal gnó chun plean comhtháthaithe a fhorbairt ar mhaithe le cosc a chur leis na méideanna móra de bhruscar pacáistithe atá á ndiúscairt. |
| **Bruscar Toitíní agus Vápála lasmuigh d'ionaid tráchtála** | Rannpháirtíocht le gnólachtaí agus leis an bpobal chun bruscar a bhaineann le toitíní agus galtoitíní a laghdú sa chontae. |
| **Guma Coganta** | Rannpháirtíocht le gnólachtaí agus leis an bpobal chun bruscar a bhaineann leis an nguma coganta sa chontae a laghdú. |

# Cuspóirí agus Gníomhartha Phlean Bainistíochta Bruscair 2026-2029

## Is iad príomhchuspóirí an Phlean Bainistíochta Bruscair ná:

- Cláir Oideachais agus Feasachta
- Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Phobail
- Gníomhartha um Chosc agus Rialú Bruscair na nÚdarás Áitiúil
- Forfheidhmiú agus Rialú

## Oideachas agus Feasacht

**éanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin an méid seo a leanas chun oideachas a chur ar dhaoine agus iad a chur ar an eolas faoi éifeachtaí an bhruscair ar an timpeallacht:**

- Teachtaireachtaí frithbhruscair a chur in iúl trí fheachtais phoiblí.
- Leanúint le tacaíocht a thabhairt do Chlár na Scoileanna Glasa agus oibriú le cláir óige chun an teachtaireacht frithbhruscair a chur in iúl.
- Feachtais um dhramhaíl a chosc a thacóidh le tionscnaimh an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm.
- Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara a bhfuil leasanna coiteanna acu chun troid i gcoinne an bhruscair le chéile agus chun rochtain ar fhaisnéis feasachta bruscair a mhéadú do gach cuid den tsochaí i.e. foirm atá éasca le léamh, teangacha agus formáidí eile.
- Úsáid a bhaint as an gCóras Faireacháin Náisiúnta ar Bhruscar chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí d'fheachta(i)s bhliantúla oideachais agus feasachta.
- Leanúint leis an Leathanach Comhshaoil ar shuíomh ghréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin a nuashonrú maidir leis na cúrsaí uile a bhaineann leis an gComhshaol.
- Comhoibriú ilghníomhaireachta, comhfhoghlaim agus comhpháirtíocht a spreagadh chun tionchar dearfach a imirt ar chúrsaí bruscair i measc na n-earnálacha gnó agus pobail araon chun Muineachán a dhéanamh saor ó bhruscar.
- Cinntigh go mbíonn gach gnólacht feasach ar na freagrachtaí dlí atá acu maidir leis an mbruscar laistigh de chúirtealáiste a n-áitreabh agus bruscar arna chruthú ag a gcuid custaiméirí.

## Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Phobail

**Chun oibriú le grúpaí pobail, coistí na mBailte Slachtmhara, cumainn na n-áitritheoirí, gnólachtaí áitiúla, an earnáil dheonach agus earnáil an oideachais chun cláir agus tionscnaimh frithbhruscair a spreagadh agus a chur i bhfeidhm.**

Aithníonn Comhairle Contae Mhuineacháin gur spreagthach lárnach an athraithe í an rannpháirtíocht phobail áitiúil chun an bruscar a chosc agus a rialú araon. Tá sé mar aidhm againn oibriú le saoránaigh chun éascú a dhéanamh ar a gcuid rannpháirtíochta mar chomhpháirtithe cothroma ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le caitheamh bruscair agus dumpáil inar bpobail. Cinntítear go mbíonn pobail in ann ról lárnach a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann leis an mbruscar nuair a oibrítear le grúpaí áitiúla. Tá gníomh ar leibhéal an phobail ríthábhachtach chun a chinntiú gur féidir le cosc agus rialú an bhruscair gach pobal i gContae Mhuineacháin a bhaint amach agus gach earnáil den tsochaí a mhealladh.

**Déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin an méid seo a leanas:**
- Rannpháirtíocht na gcumann áitritheoirí, grúpaí bainistithe eastáit agus grúpaí deonacha eile i ngníomhartha, tionscnaimh agus cláir frithbhruscair a spreagadh agus tacú leo go gníomhach.
- Leanúint le dul i gcomhairle le grúpaí pobail maidir le deontais atá ar fáil do ghníomhartha.
- tionscnaimh agus cláir frithbhruscair.
- Cuidiú le grúpaí pobail agus gnó ina gcuid feachtas glantacháin, i.e. trí sholátha trealaimh, comhordú diúscartha, cur chun cinn feachtas agus aitheantas a thabhairt dán-iarrachtaí.
- Tacú le hiarrthóirí na mBailte Slachtmhara agus le grúpaí pobail réamhghníomhacha agus leanúint le tacaíocht a thabhairt d'Fhóram na mBailte Slachtmhara.
- Leanúint le hobair a dhéanamh le gnólachtaí agus trádálaithe maidir le forbairt na gclár áitiúil frithbhruscair agus Tionscnaimh Ghlasa i.e. Mol na nGnólachtaí Glasa i Muineachán.
- Ábhair a chur ar fail d'Fheachtas Glantacháin Náisiúnta Earraigh agus imeachtaí glantacháin eile trí Ghlantachán Mór Mhuineacháin.
- Tacú le hiarrachtaí na Rannóige Tithíochta cumainn na n-áitritheoirí a mhealladh chun bruscar a bhainistiú ina gcuid eastát.

## Gníomhartha um Chosc agus Rialú Bruscair na nÚdarás Áitiúil

Clár rialaithe bruscair atá éifeachtúil agus cuimsitheach a sholáthar ar fud an Chontae.

**Déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin an méid seo a leanas:**
- Tuairisciú ar dhumpáil agus caithimh bruscair atá mídhleathach a spreagadh tríd an líne bhruscair rúnda 1800 2000 14 agus úsáid a bhaint as **litter@monaghancoco.ie**.
- Na céimeanna a bhaineann le gearán a dhéanamh a chur in iúl go soiléir – Aguisín 2.
- Ardfheiceálacht ar sheirbhís na Maor Bruscair a chur ar fáil ar fud an chontae.
- Clár éifeachtúil a chur i bhfeidhm maidir le glanadh sráideanna agus folmhú boscaí bruscair.
- Fiosrú sciobtha ar gach gearán a bhaineann leis an mbruscar a chinntiú.
- Suirbhéanna bruscair a dhéanamh i gcomhréir le Scéim Faireacháin Náisiúnta an Bhruscair.
- Cinntiú nach gcuireann cleachtais oibre Chomhairle Contae Mhuineacháin leis an mbruscar.
- Faireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar spotaí dubha bruscair a thagann chun cinn inár mbailte agus sráidbhailte.
- Seirbhísiú agus glanadh leordhóthanach na n-ionad fág anseo atá ann cheana a chinntiú chun daoine a spreagadh lena n-úsáid.
- Bearta um chosc dramhaíola a chomhordú chun srian a chur leis an méid bruscair atá á ghiniúint trí scéimeanna a chur chun cinn amhail buidéil dí in-athúsáidte agus cur toibreacha uisce poiblí nuair atá bonneagar á fhorbairt.
- Clár gearradh na gciumhaiseanna agus baint bruscair a chur i bhfeidhm ar ghréasán na mbóithre Náisiúnta.
- Spreagann beartas "D'Fhéile a Dhéanamh Glas" de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin eagraithe agus lucht freastail imeachtaí araon chun tionchar comhshaoil na n-imeachtaí a laghdú tríd an dramhaíl a íoslaghdú, úsáid a bhaint as earraí in-athúsáidte agus roghanna inbhuanaithe a dhéanamh.

## Forfheidhmiú agus Rialú

**Chun cur chuige seasmhach agus comhordaithe a chur i bhfeidhm ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta um thruailliú ó bhruscar agus chun bruscar agus dumpáil mhídhleathach a chosc agus a rialú.**

Tá sé bunriachtanach go gcoisctear bruscar ag an bhfoinse chun contae atá saor ó bhruscar a bhaint amach agus tá sé seo fós mar phríomhthosaíocht do Chomhairle Contae Mhuineacháin. Tá comhiarracht de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo ós rud é nach féidir le haon eagraíocht aonair é a bhaint amach léi féin. Mar údarás atá freagrach as an Acht um Thruailliú ó Bhruscar a fhorfheidhmiú, tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta dá cuid cumhachtaí rialála a threisiú chun ciontóirí a thabhairt chun cuntais.

**Déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin an méid seo a leanas:**

- Fíneálacha Bruscair a eisiúint agus ciontóirí a ionchúiseamh faoin reachtaíocht ábhartha.
- Gníomh forfheidhmithe a dhéanamh in aghaidh bailitheoirí dramhaíola mídhleathaí.
- Suirbhéanna ar Dhramhaíl Tí a dhéanamh, úsáid a bhaint as Cláir Droim ar Ais chun comhlíonadh le Fodhlíthe Chontae Mhuineacháin (Scaradh, Stóráil agus Cur i Láthair na Dramhaíola Tí agus Tráchtála), 2019, a fhorfheidhmiú.
- TCI a úsáid i gcomhréir le reachtaíocht chun feabhas a chur ar an bhforfheidhmiú.
- Aghaidh a thabhairt ar fhadhb an tsalaithe ag madraí le forfheidhmiú, soláthar boscaí bruscair, nuair is iomchuí, agus cur chun cinn chlár na Siúlóirí Glasa Madraí.
- Úsáid na teicneolaíochta a mhéadú lena n-áirítear gutháin chliste, táibléid, feidhmchláir agus córais bailithe sonraí chun feabhas a chur ar rath an fhorfheidhmithe, an fhaireacháin agus na gníomhaíochta in aghaidh na gciontóirí.




RESCUE 3







# Athbhreithniú agus Faireachán

Athbhreithneofar na gníomhartha a leagtar amach sa phlean seo ag Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil agus cuirfear Tuarascáil um Ghníomhaíochta Bruscair i gcomhréir le hAlt 10 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 (arna leasú), os comhair na Comhairle ar bhonn bliantúil trí Thuairisc an Phríomhoifigigh (CE).

# Príomhtháscairí Feidhmíochta 2026-2029

Is iad na Príomhtháscairí Feidhmíochta a bhaineann le Bainistiú Bruscair Mhuineacháin ná:

1. **Líon na ngearán bruscair a fhaightear agus a fhiosraítear ar bhonn bliantúil.**
2. **Líon na bhfíneálacha bruscair a eisítear gach bliain.**
3. **Líon na bhfíneálacha bruscair a íoctar gach bliain.**
4. **Líon na n-ionchúiseamh.**
5. **Feidhmíocht i suirbhéanna bruscair bliantúla.**
6. **Feidhmíocht i gcomórtas bliantúil na mBailte Slachtmhara.**
7. **Feidhmíocht i bhfaireachán bliantúil IBAL.**
8. **Tonnáiste a bailíodh le linn mhí an Ghlantacháin Earraigh.**
9. **Caiteachas a tabhaíodh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbruscar, amhail cistiú ALAG agus Buiséad Scuabtha agus Scrobléla an Cheantair Bhardasaigh.**
10. **Líon na bhfeachtas agus na dtionscnamh ar thacaigh an tOifigeach Feasachta Comhshaoil leo.**

# Seirbhísí agus Saoráidí a chuireann Comhairle Contae Mhuineacháin ar fáil

## Ionaid Athchúrsála

Tá dhá shuíomh Conláiste Cathartha i gContae Mhuineacháin agus iad suite ag **Ionad Athchúrsála Choirnéal na nAlbanach** agus **Ionad Athchúrsála Charraig Mhachaire Rois**.

Tá liosta iomlán de na bailitheoirí dramhaíola údaraithe ar fáil ag **www.nwcpo.ie**

Glacann an dá shaoráid le cairtchlár, plaisteach, nuachtáin, irisleabhair, leabhair, gloine, cannaí alúmanaim, teicstílí, cannaí, ceallraí, dramhaíl ghlas, dramh-mhiotal, feadáin fhluaraiseacha, dramh-olaí, adhmaid, dramh-threalamh leictreach, smionagar tógála agus scagairí dramh-bhreosla.

## Liosta na nIonad Fág Anseo i gContae Mhuineacháin

Cuireann Comhairle Contae Mhuineacháin 24 ionas fág anseo ar fáil ag na háiteanna seo a leanas ar fud an Chontae chomh maith – Féach Aguisín 1.

# Conclúid

Mar fhocal scoir, tagann plean bainistíochta bruscair 3 bliana do Chontae Mhuineacháin leis an reachtaíocht agus na ceanglais ábhartha ar fad, agus tá sé mar aidhm aige aghaidh éifeachtach a thabhairt ar fhadhbanna caithimh bruscair fad atá cur chuige neamhdhíobhálach don timpeallacht agus inbhuanaithe á chur chun cinn.

Ionchorpraítear leis an bPlean straitéisí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna bruscair, lena n-áirítear feachtais feasachta pobail, cláir oideachais, cothabháil leanúnach agus bonneagar bailithe dramhaíola agus athchúrsála feabhsaithe mar aon le bearta forfheidhmithe dochta. Ní hamháin go ndeartar na bearta seo chun fadhb láithreach an chaithimh bruscair a mhaolú, ach chun cultúr de bhainistiú freagrach dramhaíola agus caomhnú acmhainní a chothú i measc áitritheoirí agus chuairteoirí an chontae.

Ina theannta sin, aithnítear sa phlean tábhacht an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta le páirtithe leasmhara áitiúla, gnólachtaí, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha. Tá sé mar aidhm ag an bplean braistint úinéireachta agus comhfhreagracht a chothú chun Contae Mhuineacháin a choinneáil glan agus saor ó bhruscar tríd an gcomhoibriú a spreagadh agus bheith i dteagmháil le gach duine sa tsochaí.

# Aguisíní

## Aguisín 1 – Liosta na nIonad Fág Anseo i gContae Mhuineacháin

| *Líon na Suíomhann* | *Áit - *Tá suíomhanna faoi réir athraithe* | *Líon iomlán na mBanc* |
|---|---|---|
| 1 | Achadh Bog – Carrchlós na hEaglaise Caitlicí | 7 |
| 2 | Béal Átha Beithe - Bealach isteach go dtí an Margadh | 6 |
| 3 | Carraig Mhachaire Rois – Ar Chúl an SuperValu | 10 |
| 4 | An Charraig Rua – Carrchlós na hEaglaise Caitlicí | 6 |
| 5 | Baile na Lorgan – Commons Car Park | 10 |
| 6 | Cluain Eois – 98 Avenue Council Car Park | 11 |
| 7 | Cluain Eois – Ar Chúl Apple Green | 8 |
| 8 | Cluain Tiobrad – Carrchlós na hEaglaise Caitlicí | 4 |
| 9 | Banc Buidéal Crescent Hill, Baile na Lorgan | 8 |
| 10 | Scairbh na gCaorach – Ar Chúl an Ionaid Pobail | 12 |
| 11 | Ionad Pobail Ghlas Locha | 7 |
| 12 | Inis Caoin | 8 |
| 13 | Leatón – Carrchlós na hEaglaise Caitlicí | 7 |
| 14 | Lios Dúnáin | 5 |
| 15 | Baile Mhuineacháin – Ionad Acmhainní Chorr Thí Talmhan | 8 |
| 16 | Baile Mhuineacháin – Carrchlós Shráid Ghlaslocha | 5 |
| 17 | Baile Mhuineacháin – Carrchlós an Ionaid Siopadóireachta | 7 |
| 18 | Sráidbhaile an Mhuilinn | 4 |
| 19 | Cúil Darach – Carrchlós an tSráidbhaile | 6 |
| 20 | Eoroim – Páirc CLG | 6 |
| 21 | Achadh na hAbhla – Eastát Tithíochta | 5 |
| 22 | Baile an Scotaigh – Ar Chúl na hEaglaise Caitlicí | 9 |
| 23 | Siopa Sloan's, Baile Mhuineacháin | 7 |
| 24 | Ionad Pobail Thigh Damhnata | 7 |

## Appendix 2 - How to Make a Litter Complaint

Is féidir leis an bpobal teagmháil a dhéanamh le Comhairle Contae Mhuineacháin chun caitheamh bruscair, gníomhaíocht dramhaíola mídhleathaí agus truailliú uisce a thuairisciú mar aon le gearáin aeir agus torainn a dhéanamh.

Is féidir gearáin nó tuarascálacha dá leithéid a chur isteach trí na modhanna seo a leanas.

- **Ar ríomhphost** – más gearán a bhaineann leis an mbruscar atá i gceist, seol ríomh phost go díreach chuig an bhfoireann bhruscair ag **litter@monaghancoco.ie** Seol ríomhphost chuig **envservices@monaghancoco.ie** maidir le gach gearán eile amhail gníomhaíocht dramhaíola mídhleathaí, gearáin aeir agus torainn mar aon le gearáin nó teagmhais truaillithe uisce

- **Ar an nGuthán:** Is féidir leat gearáin chomhshaoil a thuairisciú ach teagmháil a dhéanamh le Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil go díreach ar 042 9661240.

- **Saorghlao Rúnda:** Is féidir gearáin chomhshaoil a chur isteach trí ghlao a chur ar ár nUimhir Shaorghlao rúnda 1800 200014 chomh maith. (tabhair faoi deara gur gléas freagartha é seo ach go éistimid leis na teachtaireachtaí ar bhonn seachtainiúil).

- **Ar an láthair:** Tá fáilte roimh an bpobal gearán comhshaoil a dhéanamh ar an láthair. Tá oifigí na rannóige Seirbhísí Comhshaoil suite in Oifigí Cathartha Charraig Mhachaire Rois, Bóthar Chois Abhann, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, A81 RY22.

- **Úsáid a bhaint as Foirm na nGearán ar lín:** Is féidir gearán comhshaoil a chur isteach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm ar líne thíos. Is féidir leat grianghraif a uaslódáil anois chun tacú le do ghearán. D'fhéadfadh go mbeidh gabhálacha scáileáin de léarscáileanna inar tharla an caitheamh bruscair, an dumpáil nó an truailliú a bheith i gceist leis na grianghraif.

Chun gearán a dhéanamh, cliceáil an nasc thíos:
**Gearán Comhshaoil / Bruscair**

Tabhair Faoi Deara gur cheart go ndéanfá iarracht a oiread faisnéise agus is féidir a chur san áireamh nuair atá Gearán Bruscair á chur isteach agat chuig Comhairle Contae Mhuineacháin, amhail:

1. **Logainm an cheantair inar tharla an teagmhas.**
2. **Treoracha Soiléire go dtí an suíomh atá i gceist.**
3. **Éirchód más eol nó comhordanáidí an tsuímh más eol**
4. **Sonraí fúthu siúd a mhaítear a bheith freagrach.**


Re-turn
How to Return
What to Return
Add your Re-Turn refund to any E-Gift or Gift Card
GIFT CARD
DUNNES
Discover the benefits of Deposit Return at www.re-turn.ie
Re-cycle for change
Re-cycle for change
Re-cycle your empty PET bottles and cans here


LITTER


Contactless
Reduce
Reuse
Recycle
Refill


KEEP IT CLEAN!
Don't let litter spoil it

Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council